AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 17.9.2015
COM(2015) 460 final

2015/0218 (COD)

Togra le haghaidh

RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

maidir le bearta trádála uathrialacha éigeandála a thabhairt isteach do Phoblacht na Túinéise

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. COMHTHÉACS AN TOGRA

Forais agus cuspóirí an togra

Is leis an gComhaontú Eora-Mheánmhara (an 'Comhaontú'), a síníodh i 1995, atá foráil déanta don chreat atá ann faoi láthair maidir le caidreamh trádála idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Túinéise (an 'Túinéis'). Tháinig an Comhaontú i bhfeidhm i 1998 agus ba trína bhíthin a leagadh síos bunús, lena n-áirítear léirscaoileadh talmhaíochta céimnitheach, le haghaidh bunú Limistéar Saorthrádála. Tá an Túinéis agus an tAontas Eorpach ar tí dul i mbun caibidlíochta chun Comhaontú Saorthrádála Domhain agus Cuimsitheach (CSDC) a bhunú, lena bhforálfar go háirithe do léirscaoileadh breise trádála talmhaíochta.

Spreag an t-ionsaí sceimhlitheoireachta a rinneadh in Sousse an 26 Meitheamh 2015 freagairt ón Aontas Eorpach riachtanas atá ann cúnamh breise a thabhairt don phróiseas aistrithe geilleagrach agus polaitiúil sa Túinéis, ar bhealach nithiúil dírithe, trí ghníomhaíochtaí a fhéadann bheith éifeachtach sa ghearrthéarma.

An 20 Iúil 2015 phléigh an Chomhairle um Ghnóthaí Eachtracha staid na Túinéise agus bearta nithiúla a d'fhéadfadh an tAontas Eorpach a dhéanamh chun tacú léi. Ghlac an Chomhairle na Conclúidí maidir leis an Túinéis[1] ina bhfuil na gníomhaíochtaí leagtha amach atá le déanamh chun tacú le próiseas aistrithe geilleagrach agus polaitiúil na Túinéise.

I bhfianaise an méid sin, tá sé beartaithe ag an gCoimisiún Eorpach taraifchuóta bliantúil sealadach aontaobhach 35 000 tonna saor ó dhleacht a chur ar fáil le haghaidh onnmhairí ola olóige na Túinéise isteach san Aontas i bhfoirm beart trádála uathrialach. Cuirfear an cuóta seo ar fáil ar feadh dhá bhliain ón 1 Eanáir 2016 go dtí an 31 Nollaig 2017. Cuirfear an méid breise ar fáil má ídítear an taraifchuóta saor ó dhleacht de 56 700 tonna atá cumhdaithe sa Chomhaontú seo.

Is í an ola olóige an príomhtháirge talmhaíochta a onnmhairítear ón Túinéis isteach san Aontas Eorpach agus is cuid thábhachtach de gheilleagar na tíre tionscal na hola olóige. Cuireann sé fostaíocht dhíreach nó indíreach ar fáil do bhreis agus milliún duine agus is ionann sin agus an cúigiú cuid d'fhostaíocht talmhaíochta iomlán na tíre.

Ní mór a thabhairt faoi deara nár cheart réamhbhreith a dhéanamh mar gheall ar an lamháltas seo ar thoradh na caibidlíochta talmhaíochta i gcreat an CSDC, atá beartaithe le tosú i nDeireadh Fómhair 2015.

2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

Is é Airteagal 207(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh bunús dlí an togra. Baineann an tionscnamh seo le hinniúlacht eisiach an Aontais de réir Airteagal 3(e) CFAE. Dá bhrí sin, níl feidhm ag prionsabal na coimhdeachta.

3. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

D'fhéadfadh na bearta seo bheith ina gcúis le glanmhéadú beag ar allmhairí toisc gur dócha go dtiocfaidh formhór an mhéadaithe ar an gcuóta in ionad na trádála próiseála isteach atá ann cheana (thart ar 50 000 tonna d'ola olóige sa bhliain faoin gcóras Próiseáil Isteach), rud a d'fhágfadh go dtiocfadh laghdú ar allmhairí faoin gcóras seo. Ní féidir na himpleachtaí

[1] Conclúidí ón gComhairle maidir leis an Túinéis – Uimhir an doiciméid 11076/15

buiséadacha (maidir le bailiúcháin dleachta) a chainníochtú faoi láthair, ach glactar leis nach mbeidh siad suntasach.

2015/0218 (COD)

Togra le haghaidh

RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

maidir le bearta trádála uathrialacha éigeandála a thabhairt isteach do Phoblacht na Túinéise

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 207(2) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na Parlaimintí náisiúnta,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an méid seo a leanas:

(1) Tá an Comhaontú Eora-Mheánmhara[2] ina bhonn don ghaol idir an tAontas agus an Túinéis.

(2) Tar éis an ionsaí sceimhlitheoireachta a rinneadh in Sousse na Túinéise an 26 Meitheamh 2015, dúirt Comhairle an Aontais Eorpaigh ina conclúidí an 20 Iúil 2015 go bhféachfadh an tAontas, i gcomhairle leis na Ballstáit, an bhféadfaí bearta eisceachtúla a ghlacadh chun tacú le geilleagar na Túinéise.

(3) Is í an ola olóige príomhtháirge onnmhairíochta talmhaíochta na Túinéise chuig an Aontas agus tá tionscal na hola olóige ina chuid thábhachtach de gheilleagar na tíre.

(4) Is trí mhargadh tarraingteach agus iontaofa le haghaidh onnmhairí d'ola olóige na Túinéise a chur ar fáil is fearr is féidir leis an Aontas tacú le geilleagar na Túinéise, i gcomhréir leis na cuspóirí atá leagtha amach i mBeartas Comharsanachta na hEorpa agus sa Chomhaontú Eora-Mheánmhara. Chun sin a dhéanamh tá gá le bearta trádála uathrialacha lena gceadófar an táirge sin a allmhairiú isteach san Aontas ar bhonn taraifchuótaí saor ó dhleacht.

(5) Chun calaois a chosc, ba cheart na bearta trádála uathrialacha atá beartaithe a bheith faoi réir ag an gcoinníoll go gcomhlíonfaidh an Túinéis rialacha ábhartha an Aontais maidir le tionscnamh táirgí agus na nósanna imeachta a bhaineann leo, agus ag comhoibriú riaracháin éifeachtach na Túinéise leis an Aontas.

(6) Chun cobhsaíocht an mhargaidh ola olóige a chaomhnú níor cheart don Aontas an méid breise a sholáthrófar de bharr bearta trádála uathrialacha a chur ar fáil go dtí go n-ídeofar méid an taraifchuóta bhliantúil saor ó dhleacht atá leagtha síos in Airteagal 3(1) de Phrótacal 1 a ghabhann leis an gComhaontú Eora-Mheánmhara.

(7) Tá na rialacha maidir le riar na gcuótaí taraife leagtha síos in Airteagal 184 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[3]. Ba

[2] Comhaontú Eora-Mheánmhara lena mbunaítear comhlachas idir na Comhphobail Eorpacha agus a gcuid Ballstát, ar thaobh amháin, agus Poblacht na Túinéise, ar an taobh eile (*IO L* 97 30.3.1998 lch. 2).

cheart feidhm a bheith ag na rialacha sin maidir leis na bearta dá bhforáiltear leis an Rialachán seo freisin.

(8) Chun a áirithiú go mbeidh na coinníollacha maidir le cur chun feidhme an Rialacháin seo aonfhoirmeach ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún maidir le comhlíonadh na gcoinníollacha faoina bhforáiltear do na socruithe fabhracha. Ba cheart na cumhachtaí chur chun feidhme sin a fheidhmiú le cúnamh ón gCoiste um Chomheagrú na Margaí Talmhaíochta agus i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [4].

(9) Tá na sainbhearta trádála uathrialacha arna mbunú leis an Rialachán seo ceaptha maolú a dhéanamh ar dheacracht na staide eacnamaíche ina bhfuil an Túinéis faoi láthair de bharr na n-ionsaithe sceimhlitheoireachta. Dá bhrí sin ba cheart teorainn ama a chur leis na bearta seo agus iad a bheith gan dochar don chaibidlíocht idir an tAontas agus an Túinéis maidir le bunú Comhaontaithe Saorthrádála Dhomhain Chuimsithigh, atá le tosú i nDeireadh Fómhair 2015.

(10) I bhfianaise an dochair mhóir a rinne an t-ionsaí sceimhlitheoireachta in Sousse an 26 Meitheamh 2015 do gheilleagar na Túinéise, agus d'earnáil na turasóireachta go háirithe, agus an riachtanas atá ann bearta a ghlacadh chun deacracht staid eacnamaíoch na Túinéise a mhaolú sa ghearrthéarma, measadh gurb iomchuí foráil d'eisceacht don tréimhse ocht seachtaine dá dtagraítear in Airteagal 4 de Phrótacal Uimh. 1 maidir le ról na bparlaimintí naisiúnta san Aontas Eorpach, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach, leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus leis an gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh d'Fhuinneamh Adamhach,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Socruithe fabhracha

Osclófar taraifchuóta saor ó dhleacht 35 000 tonna ola olóige íne de thionscnamh na Túinéise, agus a thagann faoi chuimsiú chóid CN 1509 10 10 agus 1509 10 90, a allmhairiú in aghaidh na bliana isteach san Aontas.

Airteagal 2

Coinníollacha chun bheith i dteideal an chuóta taraife ar allmhairí

Chun bheith i dteideal leas a bhaint as an taraifchuóta ar allmhairí dá dtagraítear in Airteagal 1 den Rialachán ní mór don Túinéis cloí leis na rialacha maidir le tionscnamh na dtáirgí agus leis na nósanna imeachta a bhaineann leo, dá bhforáiltear i bPrótacal Uimh. 4 den Chomhaontú Eora-Mheánmhara.

---

[3] Rialachán (AE) Uimh 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear comheagraíocht na margaí i dtáirgí talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 922/72, (CEE) Uimh. 234/79, (CE) Uimh. 1037/2001 agus (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle (*IO L* 347, 20.12.2013, lch. 671).

[4] Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí chur chun feidhme ag an gCoimisiún (*IO L* 55, 28.2.2011, lch. 13).

Airteagal 3

Rochtain ar an gcuóta taraife bliantúil

Ní chuirfear an taraifchuóta dá dtagraítear in Airteagal 1 den Rialachán seo ar fáil go dtí go n-ídeofar méid an taraifchuóta saor ó dhléacht d'ola olóige, dá bhforáiltear in Airteagal 3.1 de Phrótacal 1 a ghabhann leis an gComhaontú Eora-Mheánmhara.

Airteagal 4

Riar an chuóta

Déanfaidh an Coimisiún an cuóta rátaí taraife a riar i gcomhréir le hAirteagal 184 de Rialachán (AE) Uimh 1308/2013.

Airteagal 5

Fionraí shealadach

I gcás ina gcinnfidh an Coimisiún gur leor an fhianaise atá ann nach bhfuil an Túinéis ag cloí leis na coinníollacha atá leagtha amach in Airteagal 2, féadfaidh an Coimisiún gníomh cur chun feidhme a ghlacadh lena ndéanfar na socruithe fabhracha dá bhforáiltear in Airteagal 1 a chur ar fionraí. Glacfar an gníomh cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 6(2).

Airteagal 6

Nós imeachta coiste

1. Tabharfaidh an Coiste um Chomheagrú na Margaí Talmhaíochta, arna bhunú le hAirteagal 229 de Rialachán (CE) Uimh. 1308/2013 cúnamh don Choimisiún. Coiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 a bheidh sa Choiste sin.
2. I gcás ina ndéanfar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

Airteagal 7

Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2016 go dtí an 31 Nollaig 2017.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa	*Thar ceann na Comhairle*
An tUachtarán	*An tUachtarán*